Stádas na Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi fheachtas nua atá seolta ag Conradh na Gaeilge. Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír.

- *entitled*
- *purpose*
- *core subject*
- *exemptions*
- *amid threats, in light of threats*
- *according to research*
- *Irish-Medium college*
- *proportionally*
- *against compulsory Irish*
- *success*
- *comprehensive policy*
- *that links*

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim ar ábhar na míre.

Ceist 2 Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat. Pléigh ábhar na míre arís leis an duine in aice leat agus breacaigí síos na pointí is tábhachtaí.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad é *Gaeilge4All*?

2. Cad iad na tuairimí a léirigh Julian de Spáinn agus Seán Byrne faoin scéal?

3. Cad a léirigh an taighde a rinne *Kantar Millward Brown* agus *The Sunday Times*?

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat.

A. Cuirigí an t-alt roimh na hainmfhocail bhaininscneacha seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír, agus athraígí más gá iad.

- *feidhm*
- *teanga*
- *Ardteistiméireacht*
- *bagairt*
- *aidhm*
- *Gaeilge*
- *scoil*

B. Bainigí amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuirigí an fhoirm cheart den ainmfhocal agus den alt sna bearnaí:

(deacracht)(an)(feidhm) _____
(áilleacht)(an)(teanga) _____
(brú)(an)(Ardteistiméireacht) _____
(tromchúis)(an)(bagairt) _____
(i dtreo)(an)(aidhm) _____
(labhairt)(an)(Gaeilge) _____
(geata)(an)(scoil) _____

Ceist 5 Cén t-ainm briathartha atá ag na briathra seo? Bhí siad le cloisteáil sa mhír. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

cosain, neartaigh, bagair, fan, foghlaim, tit, tabhair, fág, mol

Mar shampla:

<u>Seol – seoladh</u>
Beidh a leabhar á sheoladh amárach aige sa siopa leabhar i lár na cathrach.

Ceist 6 Obair ghrúpa: Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le:

1) An Ghaeilge a bheith mar ábhar éigeantach.
2) An córas bronnta díolúintí ón nGaeilge.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar na foghlaimeoirí na tuairimí atá acu faoin stór focal agus faoi ábhar na míre a phlé le chéile sula seinnfear an mhír.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo agus ábhar na míre a phlé tar éis féachaint amháin:
entitled – dar teideal
purpose – feidhm
core subject – croí-ábhar
exemptions – díolúintí
amid threats, in light of threats – i bhfianaise bagairtí
according to research – de réir taighde
Irish-Medium college – gaelcholáiste
proportionally – go comhréireach
against compulsory Irish – i gcoinne na Gaeilge éigeantaí
success – rathúlacht
comprehensive policy – polasaí cuimsitheach
that links – a nascann

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A

an fheidhm
an teanga
an Ardteistiméireacht
an bhagairt
an aidhm
an Ghaeilge
an scoil

B

deacracht na feidhme
áilleacht na teanga
brú na hArdteistiméireachta
tromchúis na bagartha
i dtreo na haidhme
labhairt na Gaeilge
geata na scoile

Ceist 5

cosain – cosaint
neartaigh – neartú
bagair – bagairt
fan – fanacht
foghlaim – foghlaim
tit – titim
tabhair – tabhairt
fág – fágáil (fágáint a dúradh sa mhír)
mol – moladh

Ceist 6

Is féidir grúpaí de thriúr nó de cheathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Anois, sheol Conradh na Gaeilge feachtas inniu dar teideal *Gaeilge4All*. An fheidhm atá leis an bhfeachtas seo ná an Ghaelainn a chosaint agus a neartú sa chóras oideachais. 'Tá an teanga mar chroí-ábhar Ardteiste i mbaol' a deir Conradh na Gaeilge.

Caoimhe Ní Laighin
Léiríodh go leor imní le déanaí faoi athruithe sa gcóras bronnta díolúintí ón nGaeilge. I bhfianaise bagairtí éagsúla mar sin, lainseáil Conradh na Gaeilge feachtas dar teideal *Gaeilge4All* inniu, go bhfuil sé mar aidhm aige an teanga a chosaint sa gcóras oideachais.

De réir taighde a rinne *Kantar Millward Brown*, deir 64% den phobal gur cheart don Ghaeilge fanacht ina croí-ábhar go dtí an Ardteist.

Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge
Tuigimid ar fad go mbeidh tubaiste ann más rud é go n-athraítear[1] an stádas sin. Ní gá ach breathnú ar céard a thit amach i Sasana nuair a athraíodh stádas an GCSE. Tá an méid daoine ag foghlaim teangacha tar éis titim go substaintiúil.

Caoimhe Ní Laighin
De réir taighde a d'fhoilsigh an *Sunday Times* inné tá gaelcholáistí go comhréireach, ar chuid de na meánscoileanna is fearr sa tír. Tá an tráchtaire agus iar-léachtóir seo i gcoinne na Gaeilge éigeantaí. Chomh maith leis sin tá ceisteanna aige faoi rathúlacht na ngaelcholáistí.

Seán Byrne, Tráchtaire
Rud eile a dhéanann daoine beagáinín soiniciúil ná go bhfuil pointí breise á dtabhairt do dhaoine a thógann na hábhair trí Ghaeilge san Ardteist. Ó mo chleachtadh féin agus ó bheith ag caint le cuid de na daltaí sin nuair a bhí mé i mo léachtóir – an chuid is mó díobh, ní labhraíonn siad Gaeilge tar éis an scoil … an gaelcholáiste a fhágáil.

Caoimhe Ní Laighin
Ach aithníonn Conradh na Gaeilge an pointe áirithe sin. Tá siad ag moladh, mar chuid den bhfeachtas seo, gur chóir polasaí cuimsitheach a bheith ann a nascann úsáid agus múineadh na teanga ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéil.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *gur athraíodh* a dúradh